Antoine Ó Finneadha

# Teicneolaíocht Adhmaid

Is caibidil í seo sa leabhar ***Teicneolaíocht Adhmaid*** a fhoilseofar go luath.

© Foras na Gaeilge, 2026

Téacs © Antoine Ó Finneadha
Léaráidí © Antoine Ó Finneadha
Teimpléad deartha: Susan Meaney
Íomhánna eile: Shutterstock, Maxwell Photography

Gabhaimid buíochas leis an gCoiste Téarmaíochta as leaganacha údarásacha a sholáthar dúinn de roinnt téarmaí teicniúla.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

An Gúm

Caibidil 9

# Crainn agus Adhmad

## Roinn I: Crainn a Fhástar in Éirinn

Seo cuid de na crainn atá á bhfás in Éirinn a bhfuil tábhacht leo i cúrsaí adhmadóireachta.

## Crua-Adhmad

### An Bheith

Bíonn tamhan na beithe an-chaol agus bíonn dath an-gheal ar an gcoirt. Duilleoga fiaclacha croíchruthacha a bhíonn uirthi. Samár a thugtar ar thoradh (síol) na beithe. Toradh tirim is ea é a mbíonn dhá sciathán nó eite air.



**duilleog beithe**



**síolta beithe**



**9.1 Coirt gheal na beithe**

| **Príomhthréithe** | |
|---|---|
| **Airde** | 25 m |
| **Ithir** | ithir bhocht aigéadach |
| **Dath an adhmaid** | geal nó donnbhuí |
| **Tréithe an adhmaid** | neamhbhuanfasach*, láidir, trom, solúbtha |

*Ní sheasann sé an aimsir go maith agus cuireann fungais agus feithidí isteach air go héasca.

**Úsáid**

- Sraithadhmad
- Troscán
- Úrláir
- Snoíodóireacht
- Deileadh adhmaid

### An Crann Cnó Capaill

Bíonn barr mór maorga ar an gcrann cnó capaill. Is minic a chuirtear i bpáirceanna poiblí é. Fásann an cnó capaill (an síol) i dtorthaí glasa deilgneacha agus bíonn 5-7 duillín ar gach duilleog.



**an cnó capaill (an síol)**



**duilleog an chrainn chnó capaill**



**9.2 An crann cnó capaill**

**fiaclach** serrated · **croíchruthach** heart-shaped · **samár** samara · **aigéadach** acidic
**neamh-bhuanfasach** non-durable · **sraithadhmad** plywood · **snoíodóireacht** carving
**deileadh adhmaid** wood turning · **deilgneach** prickly

| **Príomhthréithe** | |
|---|---|
| **Airde** | 30 m |
| **Ithir** | ithreacha éagsúla atá measartha fliuch ach nach bhfuil ar maos |
| **Dath an adhmaid** | bánbhuí nó dath éadrom donn |
| **Tréithe an adhmaid** | neamh-bhuanfasach, bog, briosc, lag |

**Úsáid**


- Troscán saor
- Cliathbhoscaí, pailléid
- Laíon adhmaid
- Ábhar tine
- Deileadh adhmaid

## An Crann Gallchnó

Fásann an crann gallchnó in Éirinn, ach tagann formhór an adhmaid ghallchnó as Meiriceá Thuaidh. I dtoradh cruinn glas a fhásann an gallchnó (an síol). Is féidir an gallchnó a ithe. Tá snáithe an-dlúth san adhmad, rud a chiallaíonn go bhfuil sé go maith chun troscán a dhéanamh. Ó am go chéile, tagann burra ar an gcrann freisin. Bíonn an-tóir ar an adhmad burra mar go mbíonn patrún álainn le feiceáil ann nuair a dhéantar é a ghreanáil agus snas a chur air.



9.3 Úllord de chrainn ghallchnó



duilleog an chrainn ghallchnó



an gallchnó (an síol)

| **Príomhthréithe** | |
|---|---|
| **Airde** | 40 m |
| **Ithir** | ithir alcaileach dhúrabháin atá measartha torthúil agus tirim |
| **Dath an adhmaid** | donn, dathanna glasliath agus corcra tríd |
| **Tréithe an adhmaid** | measartha buanfasach, láidir, crua, solúbtha, maisiúil, níl caitheamh rómhaith ann (ní oireann sé d'urlár a mbeidh an-chuid úsáide á bhaint as). |

**Úsáid**

- Troscán, caibinéid d'ardchaighdeán
- Uirlisí ceoil
- Snoíodóireacht
- Deileadh adhmaid
- Urláir
- Veiníří d'ardchaighdeán, mairciníneacht

## An Crann Silíní

Is minic a chuirtear an crann silíní i ngairdíní de bharr na mbláthanna áille a bhíonn air san earrach. Bíonn tóir ar na torthaí beaga dearga freisin mar is féidir iad a ithe. Is crann dúchasach é an crann silíní fiáin in Éirinn, ach úsáidtear adhmad ón gcrann silíní dubha as Meiriceá Thuaidh chomh maith. Tá snáithe dlúth mín san adhmad agus cuma an-tarraingteach air.



9.4 An crann silíní



duilleog an chrainn silíní



silíní (an síol)

| **Príomhthréithe** | |
|---|---|
| **Airde** | 30 m |
| **Ithir** | ithir dhomhain atá measartha torthúil agus tirim |
| **Dath an adhmaid** | dath éadrom donn agus beagán bándeirge tríd ar dtús; donndearg le himeacht ama |
| **Tréithe an adhmaid** | measartha buanfasach, measartha crua, an-tarraingteach, éadrom |

**Úsáid**

- Troscán, caibinéid d'ardchaighdéan
- Lannáin, veiníří, painéil mhaisithe
- Urláir
- Cistineacha
- Uirlisí ceoil
- Deileadh adhmaid

## An Cuileann

Crann láidir síorghlas is ea an cuileann. Fásann an cuileann ar thalamh bocht sléibhe, áit nach bhfásfaidh crainn eile. Tá clú air mar gheall ar na caora dearga a bhíonn air sa gheimhreadh.



9.5 An cuileann



duilleog cuilinn



caor cuilinn (an síol)

**ar maos** saturated · **briosc** brittle · **cliathbhosca** crate · **pailléad** pallet
**laíon adhmaid** wood pulp · **burra** burr · **greanáil** sanding · **alcaileach** alkaline
**dúrabhán** loam · **buanfasach** durable · **veinír** veneer · **maircíneacht** marquetry



**lannán** laminate · **painéil mhaisithe** decorative panels

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 15 m |
| **Ithir** | ithir aigéadach, ithir fhliuch nach bhfuil ar maos |
| **Dath an adhmaid** | geal |
| **Tréithe an adhmaid** | neamhbhuanfasach, maisiúil, lag, lán le cranraí, ráta ard craptha |

**Úsáid**

- Maisiúcháin, obair inleagtha
- Eochracha pianó, foirne fichille
- Cosa scuaibe, bataí siúil
- Deileadh adhmaid

## An Dair

Fásann an dair go mall. Is furasta an crann darach a aithint ar an mbarr mór agus ar na dearcáin (na síolta). Tá snáithe an adhmaid an-díreach agus patrún tarraingteach ann. Ní féidir le huisce dul tríd an gcroí-adhmad. Dá bhrí sin, déantar bairillí fíona agus uisce beatha as agus úsáidtear é chun báid agus longa a thógáil.



dearcáin (an síol)



duilleog darach



9.6 An dair ghallda

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 40 m |
| **Ithir** | ithir dhomhain thorthúil atá beagán fliuch ach nach bhfuil ar maos |
| **Dath an adhmaid** | donn nó buídhonn agus snáitheanna geala tríd |
| **Tréithe an adhmaid** | buanfasach, tá caitheamh maith ann (seasann sé cuid mhór úsáide), láidir, trom, dófhriotaíoch, uiscefhriotaíoch |

**Úsáid**

- Troscán d'ardchaighdeán
- Urláir, doirse, ábhar tógála
- Bairillí
- Báid, longa,
- Calafoirt, dugaí
- Sconsaí



**obair inleagtha** inlay work · **dófhriotaíoch** fire-resistant · **uiscefhriotaíoch** water-resistant



## An Fheá

Tá an fheá coitianta in Éirinn le fada, cé nach crann dúchasach í. Is furasta an fheá a aithint ar an gcoirt liath agus ar na cnónna. Nuair atá na cnónna aibí scoilteann an capsúl, nó craiceann an chnó, ina cheithre chluaisín. Bíonn snáithe dlúth díreach san adhmad.



cnó feá



duilleog feá



9.7 An fheá

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 30 m |
| **Ithir** | ithir thirim aolmhar, ithir dhúrabháin |
| **Dath an adhmaid** | geal nó buídhonn agus breacadh ann |
| **Tréithe an adhmaid** | neamhbhuanfasach, láidir, solúbtha (lúbann sé go héasca gan briseadh) |

**Úsáid**


- Troscán
- Urláir, doirse
- Uirlisí: máilléid, rianairí, uirlisí cócaireachta
- Crua-chlár, veinírí
- Snoíodóireacht
- Deileadh adhmaid

## An Fhearnóg

Is minic a fhásann an fhearnóg in aice le haibhneacha nó le srutháin mar nach féidir leis aimsir thirim a sheasamh i bhfad. Fásann na síolta i mbuaircíní beaga. Bhaintí an-úsáid as an adhmad fearnóige san am atá thart chun tacaí agus pílí faoi uisce a dhéanamh. Sampla cáiliúil de sin is ea na pílí faoi chathair na Veinéise san Iodáil.



duilleog fearnóige



buaircíní fearnóige (an síol)



9.8 Fearnóg ar bhruach srutháin atá ag cur thar maoil



**aolmhar** limy · **rianaire** gauge · **crua-chlár** hardboard · **buaircín** cone

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 15 m |
| **Ithir** | ithir bhog fhliuch i riasca agus cois uisce |
| **Dath an adhmaid** | dath éadrom donn agus dath dearg tríd; éiríonn sé níos dorcha le himeacht ama |
| **Tréithe an adhmaid** | buanfasach faoi uisce, bog, éadrom |

**Úsáid**

- Obair struchtúrach faoi uisce (pílí, tacaí)
- Sliseanna adhmaid a úsáidtear chun bradán a dheatú
- Sraithadhmad, veinírí
- Paitíní

## An Fhuinseog

Tá an crann fuinseoige ar cheann de na crainn leathanduilleacha is coitianta in Éirinn. Bíonn coirt mhín liath ar an gcrann óg agus scoilteann sí le haois. Fásann duillíní na duilleoige ina bpéirí rialta ar ghas glas agus bíonn duillín amháin ag barr an ghais. Tá cruth fada caol ar na samáir agus fásann siad ina gcrobhaingí.



síol fuinseoige



duilleog fuinseoige



9.9 An fhuinseog

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 35 m |
| **Ithir** | ithreacha éagsúla nach bhfuil aigéadach; ithir mhéith aolmhar is fearr |
| **Dath an adhmaid** | geal |
| **Tréithe an adhmaid** | neamhbhuanfasach, solúbtha |

**Úsáid**

- Camáin, maidí rámha, maidí gailf
- Cosa uirlisí: casúir, sluaistí
- Troscán, urláir
- Lannú, veinírí





## An Leamhán

Tá an leamhán ar cheann de na crainn dhúchasacha crua-adhmaid is airde in Éirinn. Duilleoga fiaclacha ubhchruthacha agus síolta croíchruthacha a bhíonn air. Bíonn snáithe neamhrialta san adhmad agus patrún deas ann. Tá uigeacht gharbh san adhmad freisin agus is deacair é a ghearradh go glan. Ní ligeann adhmad an leamháin uisce isteach. Dhéantaí píopaí uisce agus cónraí as san am atá thart. Rinne an galar Dúitseach leamhán scrios leitheadach ar an leamhán sna 1970idí agus tá adhmad leamháin gann anois.



9.10 An leamhán



síol leamháin



duilleog leamháin

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 40 m |
| **Ithir** | ithir aolmhar tirim |
| **Dath an adhmaid** | donn; bíonn snáithe dorcha nó stríoca glasa ann |
| **Tréithe an adhmaid** | buanfasach faoi uisce, uiscefhriotaíoch, láidir, measartha trom, maisiúil |

**Úsáid**

- Deileadh adhmaid
- Troscán, troscán gairdín
- Gnéithe faoi uisce (céanna, bualchomhlaí, conair éisc)

## Na Mailpeanna

Fásann an mhailp agus an mhailp Lochlannach in Éirinn ach is ón mhailp shiúcra as Meiriceá Thuaidh a thagann formhór an adhmaid mailpe. Crainn dhuillsilteacha is ea na mailpeanna, seachas corrchineál neamhchoitianta. Adhmad crua d'ardchaighdeán a bhíonn iontu. Bíonn snáithe díreach san adhmad de ghnáth, ach bíonn an-tóir ar adhmad mailpe a bhfuil patrún maisiúil sa snáithe ann. Úsáidtear an t-adhmad sin chun uirlisí ceoil a dhéanamh. Bíonn coirt gharbh liath ar an mailp. Dhá eite a bhíonn ar na samáir. Tá íomhá de dhuilleog na mailpe ar bhratach Cheanada.



9.11 An mhailp



síol mailpe



duilleog mailpe

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 25 m |
| **Ithir** | ithir dhomhain atá neodrach nó rud beag aolmhar agus measartha tirim |
| **Dath an adhmaid** | dath geal nó donn agus beagán deirge tríd |
| **Tréithe an adhmaid** | rud beag buanfasach, láidir, crua, tá caitheamh an-mhaith ann |

**Úsáid**

- Urláir dhamhsa, urláir i hallaí spóirt
- Troscán, cuntair oibre i gcistineacha, ceapa búistéara
- Uirlisí ceoil
- Veinírí, painéil
- Deileadh adhmaid

## An Phoibleog

Fásann an phoibleog go han-tapa. Cuirtear sraith poibleog in áiteanna measartha gaofar go minic chun foscadh a chruthú. Is iomaí úsáid a bhaintear as adhmad poibleoige. Is éasca an t-adhmad a oibriú mar nach mbíonn ach fíorbheagán cranraí ann. Bíonn snáithe garbh in adhmad na poibleoige, áfach. Ní mór faobhar an-ghéar a úsáid chun é a ghearradh agus ní mór é a ghreanáil le páipéar gainimh an-mhín.



duilleog poibleoige



9.12 An phoibleog Lombardach

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 30 m |
| **Ithir** | ithir fhliuch cois uisce ach neart solais a bheith ann |
| **Dath an adhmaid** | bánbhuí |
| **Tréithe an adhmaid** | neamhbhuanfasach, bog, éadrom, éasca le hoibriú, turraingfhriotaíoch |

**Úsáid**

- Cliathbhoscaí, pailléid
- Páipéar
- Miondealbha
- Sraithadhmad, slischlár
- Cláir shneachta



Crainn agus Adhmad

## An Seiceamar

Tá acmhainn mhaith ag an seiceamar ar ghaoth agus ar thruailliú aeir. Cuirtear i gcathracha agus in aice an chósta go minic é. Baineann an seiceamar agus an mhailp leis an aon ghéineas amháin agus tá cosúlachtaí eatarthu. Bíonn dath liath ar an gcoirt agus éiríonn sí garbh le haois. Bíonn dhá eite ar na samáir freisin. De ghnáth, bíonn snáithe díreach ann, ach bíonn an-tóir ar adhmad seiceamair a bhfuil patrún maisiúil sa snáithe ann.



duilleog seiceamair



síol seiceamair



9.13 An seiceamar

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 35 m |
| **Ithir** | ithreacha éagsúla atá measartha tirim |
| **Dath an adhmaid** | bánbhuí |
| **Tréithe an adhmaid** | neamhbhuanfasach, measartha láidir, tá caitheamh an-mhaith ann. |

**Úsáid**

- Urláir dhamhsa, urláir i hallaí spóirt
- Troscán, uirlisí cistine, ceapa búistéara
- Uirlisí ceoil
- Veinírí, painéil
- Deileadh adhmaid
- Snoíodóireacht

# Bogadhmad

## Giúis Dhúghlais

Crann dúchasach de chuid Mheiriceá Thuaidh is ea giúis Dhúghlais.



buaircín ghiúis Dhúghlais



duilleog ghiúis Dhúghlais



9.14 Giúis Dhúghlais

Fásann duillí beaga spíonacha an chrainn ina bhfáinne timpeall na craobhóige. I mbuaircíní ubhchruthacha a fhásann na síolta. Tá giúis Dhúghlais ar cheann de na crainn bogadhmaid is luachmhaire agus is mó éilimh ar an adhmad. An crann is airde in Éirinn sa lá atá inniu ann, is giúis Dhúghlais é.

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 55 m |
| **Ithir** | ithir dhomhain nach bhfuil aolmhar; ithir measartha fhliuch nach bhfuil ar maos; áit a bhfuil foscadh maith inti |
| **Dath an adhmaid** | dath éadrom donndearg nó donnbhuí |
| **Tréithe an adhmaid** | measartha buanfasach, an-láidir, crua, tá caitheamh maith ann, maisiúil |

**Úsáid**

- Ábhar tógála, painéil tógála, bíomaí, creataí, fuinneoga, urláir
- Cumhdach ballaí seachtracha, cláir deice, botháin, geataí
- Troscán, troscán gairdín
- Sraithadhmad, veinírí
- Trasnáin iarnróid, cuaillí teileagraif

## An Péine Albanach

Fásann an péine Albanach ar fud thuaisceart na hEorpa. Bhíodh sé go leitheadach in Éirinn na mílte bliain ó shin ach is beag nach ndeachaigh sé i léig. Tósaíodh á chur arís in Éirinn tuairim is 150 bliain ó shin. Bíonn dath donn ar an gcoirt in íochtar an tamhain agus dath flannbhuí in uachtar an chrainn. Bíonn na duillí spíonacha gormghlasa 3-10 cm ar fad agus fásann siad ina bpéirí. Tugtar 'déil dhearg' ar an adhmad mar go mbíonn stríoca dearga ann.



9.15 An péine Albanach



buaircín an phéine Albanaigh



duilleog an phéine Albanaigh

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 35 m |
| **Ithir** | ithir éadomhain ghainmheach, go háirithe ar thalamh ard |
| **Dath an adhmaid** | bánbhuí agus stríoca dearga ann |
| **Tréithe an adhmaid** | rud beag buanfasach, measartha láidir, éasca le hoibriú, glacann sé go maith le leasaitheach |

**Úsáid**

- Ábhar tógála: díonta, fuinneoga, doirse
- Troscán, troscán gairdín
- Sconsaí, geataí, cuaillí teileagraif
- Saotharphíosaí sa rang adhmadóireachta

## An Péine Contórtach

Crann dúchasach de chuid iarthar Mheiriceá Thuaidh is ea an péine contórtach. Cuireadh go forleathan in Éirinn é ó na 1950idí go dtí na 1990idí mar go bhfásfadh sé ar thalamh bocht. Níl an oiread céanna á gcur anois, áfach, mar go bhfuil talamh níos fearr ar fáil chun speicis níos luachmhaire a chur. Fásann na duillí spíonacha ina bpéirí agus bíonn dealga beaga ar na buaircíní.



buaircín an phéine contórtaigh



duilleog an phéine contórtaigh



9.16 An péine contórtach

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 30 m |
| **Ithir** | ithir fhliuch mhianrach mhóinteach |
| **Dath an adhmaid** | bánbhuí agus stríoca donna ann |
| **Tréithe an adhmaid** | neamhbhuanfasach, láidir, glacann sé go maith le leasaitheach |

**Úsáid**

- Ábhar tógála taobh istigh, painéil
- Slischlár, clár snáithíneach
- Sconsaí, pailléid
- Páipéar, ábhar tine

**ubhchruthach** oval · **cumhdach ballaí seachtracha** external cladding
**trasnán iarnróid** railway sleeper · **cuaille teileagraif** telegraph pole



Crainn agus Adhmad

## An Sprús Lochlannach

Fásann an sprús Lochlannach i dtuaisceart agus i lár na hEorpa. Is crann ard é agus is furasta dó ghaoth mhór é a leagan. Bíonn na duillí spíonacha 1-2 cm ar fad agus fásann na síolta i mbuaircíní fada barrchaola. Tugtar 'déil bhán' ar adhmad an sprúis Lochlannaigh (féach freisin an sprús Sitceach).



duilleog an sprúis Lochlannaigh



buaircín an sprúis Lochlannaigh



9.17 Sprús Lochlannach óg

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 40 m |
| **Ithir** | ithir mhianrach nó ithir mhóinteach atá measartha méith agus nach bhfuil ró-aigéadach |
| **Dath an adhmaid** | bánbhuí nó donnbhuí |
| **Tréithe an adhmaid** | rud beag buanfasach, láidir, éadrom, solúbtha, éasca le hoibriú |

**Úsáid**

- Ábhar tógála, creataí, úrláir
- Cliathbhoscaí, pailléid,
- Slischlár, clár snáithíneach
- Fuaimchláir ar uirlisí ceoil
- Crainn Nollag

## An Sprús Sitceach

Crann dúchasach de chuid chósta thiar Mheiriceá Thuaidh is ea an sprús Sitceach. Ainmníodh as cathair in Alasca é. Fásann sé an-tapa agus is é an speiceas crann is líonmhaire agus is mó a chuirtear in Éirinn é. Bíonn snáithe díreach agus uigeacht rialta san adhmad. Tugtar 'déil bhán' ar adhmad an sprúis Shitcigh (féach freisin an sprús Lochlannach).



duilleog an sprúis Shitcigh



buaircín an sprúis Shitcigh



9.18 An sprús Sitceach





Crainn agus Adhmad

| Príomhthréithe | |
|---|---|
| **Airde** | 60 m |
| **Ithir** | ithir fhliuch dhomhain nach bhfuil ar maos, ithir mhóinteach ar thalamh ard |
| **Dath an adhmaid** | bánbhuí |
| **Tréithe an adhmaid** | neamhbhuanfasach, bog, láidir, éadrom, solúbtha |

**Úsáid**

- Ábhar tógála, díonta, creataí, giarsaí urláir agus síleála, urláir
- Páipéar
- Slischlár, clár snáithíneach

# Roinn II: Adhmad Ó Thíortha Eile

Tá cur síos thíos ar adhmad ó thíortha eile atá tábhachtach don adhmadóireacht. Fásann cuid de na crainn sin i réigiúin thrópaiceacha agus gearrtar cuid mhór díobh go mídhleathach. Má tá ceann de na cineálacha adhmaid sin thíos á gceannach agat, mar sin, ní mór a chinntiú gur adhmad ó fháschoill inbhuanaithe atá ann. Crua-adhmad is ea gach cineál adhmaid thíos, seachas adhmad céadair.

## An Crann Iorócó

Fásann an crann iorócó i réigiúin thrópaiceacha na hAfraice. Bíonn snáithe dualach nó neamhrialta san adhmad. Tá iorócó an-chosúil le téac (féach leathanach 67) agus is minic a úsáidtear é in áit téice mar gur saoire i bhfad é. Ní bhíonn an boladh cumhra as an adhmad, áfach.



9.19 Adhmad iorócó

| Príomhthréithe agus Úsáid | |
|---|---|
| **Dath an adhmaid** | buí nó donn ar dtús; éiríonn sé níos dorcha nó deargdhonn le himeacht ama |
| **Tréithe an adhmaid** | buanfasach,láidir, trom, tá caitheamh maith ann, dófhriotaíoch, uiscefhriotaíoch, deacair a ghearradh |
| **Úsáid** | báid, longa, veiníří maisiúla, troscán, caibinéid d'ardchaighdeán, úrláir, urláir iontlaise, troscán gairdín, binsí saotharlainne, ábhar tógála, doirse dóiteáin, fuinneoga, cuntair, cumhdach ballaí seachtracha |

## An Crann Rósadhmaid

Tagann an rósadhmad as an Áise Thoir Theas agus as Meiriceá Theas. Tá boladh cumhra as an adhmad faoi mar a bheadh as rós agus is as sin a ainmníodh é. Tá patrún leithleach dualach i snáithe an adhmaid. Tá an rósadhmad an-daor agus is deacair teacht air go dleathach.


9.20 Pianó rósadhmaid

| Príomhthréithe agus Úsáid | |
|---|---|
| **Dath an adhmaid** | dúdhonn nó deargdhonn agus stríoca dorcha ann |
| **Tréithe an adhmaid** | an-bhuanfasach, an-láidir, crua, tá caitheamh maith ann, maisiúil |
| **Úsáid** | troscán agus caibinéid fhíorghalánta, feistis oifige, urláir fhíorghalánta, doirse, painéil, veinírí, uirlisí ceoil, uirlisí (meanaí, bacairt, rianairí moirtíse), báid, longa, earraí beaga maisiúla (cosa sceana, pinn, ciúnna billéardaí, foirne fichille) |

## An t-Éabann

Fásann an t-éabann sna réigiúin thrópaiceacha san Áise Thoir Theas agus in iarthar na hAfraice. Tá loinnir san adhmad de nádúr agus is féidir snas breá a chur air. Tá an t-adhmad an-dlúth agus ní féidir leis snámh ar uisce. Tá adhmad an éabainn an-daor ar fad agus is deacair teacht air go dleathach.


9.21 Rí fichille déanta as éabann

| Príomhthréithe agus Úsáid | |
|---|---|
| **Dath an adhmaid** | dúdhonn nó dubh agus stríoca buí ann in amanna |
| **Tréithe an adhmaid** | an-bhuanfasach, an-trom, deacair a oibriú, maisiúil |
| **Úsáid** | uirlisí ceoil (eochracha pianó, pionnaí tiúnála, cláir stiallóg), obair inleagtha, veinírí, earraí beaga maisiúla (cosa sceana, ciúnna billéardaí, foirne fichille), caibinéid fhíorghalánta |

**meana** awl · **bacart** square · **rianaire moirtíse** mortise gauge
**ciú billéardaí** billiard cue · **clár stiallóg** fretboard



Crainn agus Adhmad

## An Mahagaine

Tagann an mahagaine ó Mheiriceá Láir agus ó Mheiriceá Theas. Fástar i bhfáschoillte i bhFidsí agus i ndeisceart na hÁise é chomh maith. Tugtar ‘mahagaine’ ar speicis eile crann as iarthar na hAfraice, ach ní hionann caighdeán an adhmaid sin agus adhmad an mhahagaine. Tá snáithe an-tarraingteach sa mhahagaine. Bíonn sé díreach, dualach, neamhrialta nó corrach.


9.22 Bord mahagaine

| Príomhthréithe agus Úsáid | |
|---|---|
| **Dath an adhmaid** | donn agus dath bándearg tríd, donndearg dorcha |
| **Tréithe an adhmaid** | buanfasach, láidir, tá caitheamh maith ann, éasca le hoibriú, maisiúil |
| **Úsáid** | troscán agus caibinéid fhíorghalánta, snoíodóireacht, deileadh adhmaid, veinírí, báid, longa, uirlisí ceoil |

## An Téac

Fásann an téac i bhforaoisí trópaiceacha san Afraic, san Áise, i Meiriceá Láir agus i Meiriceá Theas. Tá ola chumhra in adhmad téice a chosnaíonn ar lobhadh agus ar fheithidí é. Bíonn snáithe díreach san adhmad de ghnáth ach corruair bíonn sé corrach nó dualach. Tá adhmad na téice an-daor ar fad.


9.23 Adhmad téice ar bhád

| Príomhthréithe agus Úsáid | |
|---|---|
| **Dath an adhmaid** | donn nó donnbhuí, éiríonn sé níos dorcha le haois |
| **Tréithe an adhmaid** | an-bhuanfasach, an-chrua, trom, láidir, deacair a ghearradh in amanna, dófhriotaíoch, uiscefhriotaíoch |
| **Úsáid** | fuinneoga agus doirse taobh amuigh, geataí, cláir deice ar longa agus ar bháid, troscán, troscán taobh amuigh, troscán i saotharlanna ceimiceán, snoíodóireacht, deileadh adhmaid, earraí beaga maisiúla |

## An Céadar

Is crann buaircíneach é an céadar. Tagann sé as iarthuaisceart Mheiriceá Thuaidh. Tá ola chumhra san adhmad a chosnaíonn ar lobhadh, ar an aimsir agus ar go leor feithidí é. Úsáidtear go minic taobh amuigh é agus ní gá é a phéinteáil. Déantar cófraí agus vardrúis as freisin mar go bhfuil boladh deas as agus go gcosnaíonn sé éadach ar fheithidí. Bíonn snáithe díreach san adhmad agus uigeacht measartha garbh.



9.24 **Slinnte céadair**

### Príomhthréithe agus Úsáid

| | |
|---|---|
| **Dath an adhmaid** | donnbhuí nó donn agus dath dearg tríd |
| **Tréithe an adhmaid** | buanfasach, an-éadrom, maisiúil, rud beag lag agus briosc |
| **Úsáid** | fuinneoga agus doirse taobh amuigh, cláir deice, cumhdach ballaí seachtracha, slinnte adhmaid, geataí, sconsaí, troscán gairdín, cófraí, cónraí, botháin, tithe gloine, coirceoga beach, báid, longa, fuaimchláir giotár |

## Cleachtadh

1. Cén úsáid a bhaintear as adhmad ó na crainn seo a leanas?

**a)** an dair

**b)** an fhuinseog

**c)** an sprús Lochlannach

**d)** an sprús Sitceach

**e)** an crann iorócó







## Ceisteanna Scrúdaithe

1. Abair cé acu an crainn chrua-adhmaid nó crainn bhogadhmaid iad na crainn seo a leanas.

**a)** an fheá

**b)** giúis Dhúghlais


**c)** an seiceamar

**d)** an crann silíní

**e)** an péine Albanach

2. Tá duilleoga agus síolta a bhaineann le sé chrann éagsúla sna híomhánna **A** – **F** thíos. Ainmnigh na crainn lena mbaineann siad.

**A**



**B**



**C**



**D**



**E**



**F**

